C/2026/5388

13.10.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2283 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2278 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

(C/2026/5388)

Dírítear aird na ndaoine agus na n-eintiteas a luaitear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2283 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinní XV agus XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2278 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine agus na heintitis sin a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/849 agus i Rialachán (AE) 2017/1509. Leagtar amach na forais leis na daoine agus na heintitis sin a liostú in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 agus in Iarscríbhinní XV agus XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509.

Cuirtear in iúl do na daoine agus do na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 35 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 26 Deireadh Fómhair 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le h Airteagal 36(2) de Chinneadh (CBES) 2016/849 agus le hAirteagal 47(4) de Rialachán (AE) 2017/1509.

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 141, 28.5.2016, lch. 79, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/849/oj.
([2]) IO L, 2026/2283, 12.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2283/oj.
([3]) IO L 224, 31.8.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1509/oj.
([4]) IO L, 2026/2278, 12.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2278/oj.